An Roinn Gnóthaí Fostaíochta
agus Coimirce Sóisialaí
Department of Employment Affairs
and Social Protection

An bhfuil cónaí ort i gCorcaigh agus gairm nua á lorg agat nó an suim leat cur le do scileanna?

An mian leat eolas a chur ar roghanna oiliúna solúbtha páirtaimseartha?

Tá an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS) agus Soláthraithe Oiliúna Lingchláir Chorcaí chun Aonach Oiliúna Lingchláir+ a thionól san iarnóin Dé Céadaoin, an 25 Iúil 2018 i gCathair Chorcaí

Cuireann Coláiste na hOllscoile Corcaigh, ITC, Innopharmalabs agus Institiúid Teicneolaíochta Trá Lí i láthair é

Tá Aonach Oiliúna á thionól ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS), i gcomhar le Soláthraithe Áitiúla Oiliúna Lingchláir (is iad sin Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Innopharmalabs agus Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí), i Lárionad Intreo na Roinne i d Teach Chúirt na Mainistreach, Cé Sheoirse, Cathair Chorcaí.

Tá an tAonach Oiliúna ar siúl Dé Ceadaoin, an 25 Iúil 2018 ó 1in go 4in.

Tá cláir Lingchláir+ um chur le scileanna curtha i gcomhréir le príomhriachtanais scileanna na n-earnálacha déantúsaíochta, innealtóireachta, cógaisíochta agus bithchógaisíochta. Cláir pháirtaimseartha is ea na cláir go léir (agus modhanna cumaisc á n-úsáid go minic) chun éascaíocht a dhéanamh dóibh siúd atá i bhfostaíocht lánaimseartha.

Seo deis ar bhualadh le soláthraithe áitiúla oiliúna chun raon na gcúrsaí atá ar fáil a phlé agus chun eolas a chur ar na hionchais ghairme de bharr na gcúrsaí sin.

Chun clárú i gcomhair an imeachta, logáil isteach, le do thoil, ar:
https://www.eventbrite.ie/e/springboard-expo-tickets-46991878975.

Is féidir a thuilleadh ceisteanna faoin imeacht a chur ar an RGFCS, Teach Chúirt na Mainistreach ar 021 4805445.

Chun a thuilleadh eolais ar Lingchlár+ a fháil, féach anseo, le do thoil:
https://springboardcourses.ie/

CRÍOCH
An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Sonraí Teagmhála den Phreasoifig
Ríomhphost: press.office@welfare.ie
Guthán: 01 704 3082
Twitter: @welfare_ie